III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA HEORPA

AN 571Ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CHOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA (AR AN LÁTHAIR), 13.7.2022 – 14.7.2022

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/29/CE agus Treoir 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr

(COM(2022) 143 final — 2022/0092 (COD))

(2022/C 443/10)

Rapóirtéir: **Thierry LIBAERT**

Comhrapóirtéir: **Gonçalo LOBO XAVIER**

	Comhairle an Aontais Eorpaigh, 12.4.2022
	Parlaimint na hEorpa, 7.4.2022
Bunús dlí	Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Rannóg atá freagrach	An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	27.6.2022
Toradh na vótála	82/0/3
(ar son/in aghaidh/staonadh)	
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14.7.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	571
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	209/0/1

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tacaíonn Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) leis na tograí ón gCoimisiún Eorpach chun cumas tomhaltóirí a neartú maidir leis an aistriú glas a chur chun cinn. Iarrann sé ar an gCoimisiún leibhéal ard uaillmhéine a choinneáil, ós rud é go bhfuil tionchar dearfach ag an tionscadal seo ar an ngeilleagar, ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol.

1.2. Leagann CESE béim ar an ngá atá ann gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear faisnéis ar fáil go córasach do thomhaltóirí, go háirithe maidir le páirteanna spártha agus lámhleabhair deisiúcháin, agus maidir le nuashonruithe ar bhogearraí atá beartaithe.

1.3. Áitíonn CESE ar an gCoimisiún a chuid uaillmhéine a léiriú trí thacú leis an bprionsabal maidir le hinnéacs deisiúcháin do tháirgí donna agus bána. Ba cheart don innéacs sin ionchais tomhaltóirí a chomhlíonadh maidir leis an éagsúlacht táirgí a chumhdaítear agus maidir leis na critéir a chuirfear san áireamh.

1.4. Chomh maith le hindeisitheacht na dtáirgí sin, creideann CESE gur cheart don Choimisiún dul ar aghaidh leis an bprionsabal maidir le lipéadú coiteann agus simplí lena léirítear marthanacht na dtáirgí sna blianta atá le teacht.

1.5. Ina theannta sin, ba cheart oiliúint na ndeisitheoirí nua agus uas-sciliú na ndeisitheoirí atá ann faoi láthair a spreagadh, ós rud é gur gné ríthábhachtach é sin chun an deisiú a fhorbairt agus gur foinse thábhachtach fostaíochta é dár mór-roinn. Iarrann CESE ar an Eoraip freisin a spleáchas ar amhábhair a laghdú d'fhonn a cumas a neartú chun páirteanna spártha a dheisiú agus a fheistiú. Mar an gcéanna, tá beartas um ationsclú atá dáiríre agus éifeachtach ag teastáil ón Eoraip. Léiríodh leis an ngéarchéim na laigí atá ann ar cheart iad a mheas mar dheis chun téarnamh a dhéanamh.

1.6. Chomh maith leis an ngá atá le taispeáint thréimhse na ráthaíochta dlíthiúla a fhorfheidhmiú, is gá tomhaltóirí a chosaint níos fearr ar mhearbhall idir ráthaíochtaí dlíthiúla agus tráchtála. Thairis sin, i gcomhthéacs na ráthaíochta, ba cheart tús áite a bheith ag an deisiú ar an athsholáthar, gan teorainn a chur le saoirse na dtomhaltóirí réiteach ar a bhfadhb a roghnú.

1.7. Chun saolré táirgí níos faide a spreagadh, tacaíonn CESE le cleachtais tráchtála nua a chur leis an liosta gníomhaíochtaí a mheastar a bheith míthreorach. Maidir le trí phointe, áfach, iarrann CESE ar an gCoimisiún dul níos faide ná an oibleagáid faisnéis a chur ar fáil.

— na teicnící a tugadh isteach chun saolré na dtáirgí a ghiorrú: dar le CESE, ba cheart na cleachtais sin a áireamh mar chleachtais mhargaíochta mhíthreoracha, sa bhreis ar an easpa faisnéise,

— neamh-indeisitheacht roinnt earraí: arís, d'fhéadfaí a mheas gur cleachtais mhargaíochta mhíthreoracha iad bacainní d'aon ghnó ar dheisiú, agus ní hamháin an easpa faisnéise ar an ábhar,

— nuashonraithe ar dócha go mbeidh mífheidhmeanna mar thoradh orthu: i ndáil leis sin, is gá in-aisiompaitheacht an nuashonraithe a fhorchur.

1.8. Ní mór cosaint níos fearr ar fhógraíocht mhíthreorach a bheith ag gabháil le neartú chumas an tomhaltóra chun gníomhú. Sa chiall sin, ní mór don chreat dlíthiúil don fhógraíocht prionsabail na forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú ar bhealach níos fearr.

1.9. Dá bhrí sin, ní mór don fhógraíocht toirmeasc a chur ar aon mhaíomh gan bhunús, mar a tharlaíonn go minic maidir leis an neodracht carbóin, agus maidir le haon tagairt nó léiriú iompraíochta atá contrártha do chosaint an chomhshaoil agus caomhnú acmhainní nádúrtha. Tá gá freisin le cumhachtaí níos mó chun maíomh comhshaoil a fhíorú.

1.10. D'fhonn mearbhall a sheachaint agus i bhfianaise iomadú na lipéad comhshaoil atá féinfhógartha go minic, ní mór don Choimisiún Eorpach béim níos mó a chur ar an éicilipéad Eorpach agus ar an ngá atá le nósanna imeachta deimhniúcháin maidir le lipéadú.

1.11. Iarrann CESE ar an Aontas cosaint sceithirí ar shaintréithe comhshaoil táirgí a neartú d'fhonn bheith ar an airdeall faoi chleachtais mhargaíochta mhíthreoracha.

1.12. Ar deireadh, iarrann CESE ar an gCoimisiún feasacht láidir na dtomhaltóirí a chur chun cinn maidir le saincheisteanna an tomhaltais fhreagraigh.

2. **Éirim an doiciméid ón gCoimisiún**

2.1. Tá sé mar aidhm ag an togra seo le haghaidh treorach cearta tomhaltóirí a neartú trí dhá threoir a leasú lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais: Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) maidir le cleachtais tráchtála éagóracha agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) maidir le cearta tomhaltóirí. Tá sé mar aidhm ag an togra cur le geilleagar ciorclach, glan agus glas san Aontas trí chur ar a gcumas do thomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le ceannacháin agus, ar an mbealach sin, rannchuidiú le tomhaltas níos inbhuanaithe. Dírítear leis freisin ar chleachtais tráchtála éagóracha a chuireann tomhaltóirí ar míthreoir maidir le roghanna tomhaltais inbhuanaithe.

([1]) IO L 149, 11.6.2005, lch. 22.
([2]) IO L 304, 22.11.2011, lch. 64.

2.2. Bhí an togra ar cheann de na tionscnaimh a leagadh amach sa Chlár Oibre Nua do Thomhaltóirí ([3]) agus sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach ([4]) agus leanann sé an Comhaontú Glas don Eoraip ([5]).

2.3. Cuirtear san áireamh leis an togra sraith beart d'fhonn an reachtaíocht atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go gcosnófar tomhaltóirí agus go bhféadfaidh siad rannchuidiú go gníomhach leis an aistriú glas. Faoi láthair, ceanglaítear ar thrádálaithe leis an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí faoi phríomhthréithe na n-earraí nó na seirbhísí.

2.4. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil aon cheanglas ann faisnéis a sholáthar maidir le heaspa ráthaíochtaí tráchtála marthanachta, ní thugtar spreagadh leordhóthanach do tháirgeoirí leis an Treoir seo na ráthaíochtaí sin a sholáthar do thomhaltóirí. Léiríonn taighde, i gcás ina dtairgtear táirgí do thomhaltóirí le ráthaíocht tráchtála, gur minic a bhíonn an fhaisnéis faoi ráthaíochtaí tráchtála den sórt sin, agus an chaoi a ngearrtar táille ar thomhaltóirí, doiléir, neamhbheacht nó neamhiomlán, rud a fhágann gur deacair do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir táirgí agus an ráthaíocht tráchtála a idirdhealú ón ráthaíocht dhlíthiúil (éigeantach) ([6]).

2.5. Thairis sin, níl ceanglais shonracha sa Treoir chun faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí maidir le hindeisitheacht earraí. An fhaisnéis sin, a chabhródh le deisiú earraí a chur chun cinn agus a bheadh an-luachmhar chun cabhrú le tomhaltóirí rannchuidiú le geilleagar ciorclach, níl sé ar fáil ag an díolphointe den chuid is mó. Léiríonn staidéir a rinneadh le déanaí go maíonn suas le 80 % de thomhaltóirí san Aontas go bhfuil deacracht acu eolas a fháil ar cé chomh héasca is atá sé táirge a dheisiú ([7]).

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Sa lá atá inniu ann, bíonn an chuid is mó de thomhaltóirí na hEorpa ag gearán go bhfuil easpa faisnéise ann faoi thionchair an tomhaltais ar an gcomhshaol. Deimhníodh an méid sin leis an gcomhairliúchán a d'eagraigh an Coimisiún. In 2012, léirigh Eorabharaiméadar a rinne an Coimisiún maidir le "iompraíocht agus dearcadh na dtomhaltóirí Eorpacha i leith táirgí glasa" go raibh 92 % de fhreagróirí na hEorpa i bhfabhar faisnéis a sholáthar maidir le saolré táirgí.

3.2. Tá an easpa faisnéise seo díobhálach, toisc gur dócha go spreagfaidh faisnéis shoiléir inléite athrú iompraíochta. Dheimhnigh CESE an méid sin i staidéar a rinne sé inar ghlac 3 000 tomhaltóir páirt. Is éard a bhí i gceist leis an staidéar ionsamhlú inar cuireadh faisnéis ar fáil maidir le saolré táirgí tomhaltais laethúla ar shuíomh siopadóireachta. De réir an staidéir sin, d'fhéadfaí díolacháin na dtáirgí fadsaoil a mhéadú 56 % tríd an bhfaisnéis sin a chur ar fáil.

3.3. Tá tábhacht shóisialta mhór ag baint leis an easpa faisnéise do thomhaltóirí. Fágann na deacrachtaí a bhaineann le cumhacht ceannaigh go bhfuil sé níos tábhachtaí fós tacú le grúpaí sóisialta meánmhéide agus faoi mhíbhuntáiste i dtreo tomhaltas níos freagraí. Is bealach é feabhas a chur ar fhaisnéis do thomhaltóirí trí mhodhanna simplí chun tomhaltas freagrach a dhéanamh níos inrochtana do na daoine is leochailí.

3.4. Trí fhaisnéis níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí, neartófar samhail ghnó na ngnólachtaí Eorpacha. I bhfianaise na rioscaí maidir le dumpáil a bhaineann le hallmhairí táirgí saora, beidh FBManna agus a gcliaint in ann a n-infheictheacht i measc na dtomhaltóirí a mhéadú agus beidh siad in ann cáilíocht na dtáirgí a dheartar san Eoraip a chur chun cinn.

3.5. Is féidir le miondíoltóirí agus siopaí fisiciúla Eorpacha dearcadh dearfach a ghlacadh i leith na bhforbairtí reachtacha seo atá ag teacht chun cinn, mar gur dócha go gcuirfidh siad lena mbuntáiste comparáideach ar bhrandaí ar líne. Déantar an ról comhairleach a chuireann an díoltóir fisiciúil ar fáil a threisiú leis an bhfaisnéis nua a chuirtear ar fáil don tomhaltóir. Cuidíonn forbairtí den sórt sin le fostaíocht san Aontas a neartú. Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór go mbeidh na hacmhainní daonna iomchuí ag an Eoraip. Iarrann sé ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí, go háirithe FBManna agus oiliúint á cur ar fáil acu.

([3]) COM(2020) 696 final, 13 Samhain 2020.
([4]) COM(2020) 98 final, 11 Márta 2020.
([5]) COM(2019) 640 final,11 Nollaig 2019.
([6]) An Coimisiún Eorpach, *Consumer market study on the functioning of legal and commercial guarantees for consumers in the EU* [Staidéar ar an Margadh Tomhaltóirí maidir le feidhmiú ráthaíochtaí dlíthiúla agus tráchtála do thomhaltóirí san Aontas], 2015. Staidéar a rinneadh chun tacú le measúnú tionchair an Choimisiúin Eorpaigh: *Study on Empowering Consumers Towards the Green Transition*, [Staidéar maidir le tomhaltóirí a chumhachtú chun páirt a ghlacadh san aistriú glas], Iúil 2021. *Commercial warranties: are they worth the money?* [Barántaí tráchtála: an fiú an t-airgead iad?] ECC-Net, Aibreán 2019.
([7]) An Coimisiún Eorpach, *Behavioural Study on Consumers' engagement in the circular economy* [Staidéar Iompair ar Rannpháirtíocht na dTomhaltóirí sa gheilleagar ciorclach], 2018, lch. 81.

3.6. Cé go bhfuil sé fíorthábhachtach faisnéis iomchuí ar an gcomhshaol a sholáthar, is gá a áirithiú go gcuirfear éagsúlacht na dtionchar comhshaoil san áireamh. Tá an tionchar ar an aeráid, a thomhaistear i bhfoirm astaíochtaí gás ceaptha teasa, ina ghné lárnach den díospóireacht phoiblí, ach níl ann ach cuid den tionchar ar an gcomhshaol. Mar shampla, léiríonn anailísí ar shaolré táirgí go dtagann an tionchar comhshaoil don chuid is mó d'earraí tomhaltais ó eastóscadh acmhainní agus ó tháirgeadh táirgí. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith ina thosaíocht chomhshaoil fad saoil na dtáirgí a fhadú.

3.7. Mar sin féin, a mhéid a bhaineann le gach ceann de na gnéithe sin, níl meántomhaltas mhuintir na hEorpa inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Mar shampla, de réir ríomh an loirg éiceolaíoch, bheadh gá le 2,8 pláinéad chun go mbeadh muintir na hEorpa in ann leanúint leis an stíl mhaireachtála atá aici faoi láthair.

3.8. I roinnt mhaith cásanna, laghdaítear saolré táirgí de bharr dearadh táirgí, bíodh sé trí phróisis theicniúla, trí bhacainní a dheisiú nó trí theicnící bogearraí. Tá an dífheidhmeacht anabaí mar thoradh air sin ar cheann de na príomhghnéithe a chuireann le míshásamh na dtomhaltóirí, ar íospartaigh iad de neamhshiméadracht láidir faisnéise.

3.9. Ar deireadh, tugann CESE dá aire go bhfuil sé níos tábhachtaí fós ceannasacht na hEorpa a neartú de bharr an chogaidh san Úcráin. Maidir leis an méid sin, ba cheart tionscnaimh a chuireann le saolré níos fearr táirgí, go háirithe iad siúd a bhaineann le miotail straitéiseacha, a spreagadh.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. *Faisnéis bhreise a chur ar fáil do thomhaltóirí maidir le marthanacht earraí*

4.1.1. I bhfianaise an tábhacht a bhaineann le saincheisteanna maidir le saolré táirgí, is gá faisnéis do thomhaltóirí a fheabhsú. Sa chiall sin, cuireann CESE in iúl gur díol sásaimh dó go bhfuil sé mar aidhm ag an gCoimisiún soláthar faisnéise maidir le hinfhaighteacht páirteanna spártha, le lámhleabhair úsáideora nó leis an tréimhse a chumhdaítear le nuashonruithe bogearraí a chórasú.

4.1.2. Ba cheart a mheabhrú, cé go bhfuil an easpa faisnéise díobhálach, go mbeadh an iomarca faisnéise nó an iomarca faisnéis theicniúil chomh díobhálach céanna.

4.1.3. Tugann CESE rabhadh don Choimisiún maidir leis na míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le faisnéis nua a thugtar trí bhíthin r-lipéad nó cód QR. Chomh maith leis an tionchar chomhshaoil breise a bhíonn ag na teicnící sin, ba cheart a mheabhrú gur bac breise é aon ghníomh breise (e.g. go mbeadh gá d'fhón póca a úsáid chun cliceáil agus gabháil scáileáin a dhéanamh) ar an tomhaltas freagrach.

4.1.4. Is céim sa treo ceart é an togra ón gCoimisiún, ós rud é go nasctar leis dúshláin na cumarsáide le dúshláin a bhaineann le dífheidhmeacht anabaí na dtáirgí. Is é an chéad chéim chun faisnéis do thomhaltóirí a neartú innéacs deisiúcháin a thabhairt isteach don oiread táirgí agus is féidir, mar a tugadh isteach sa Fhrainc in 2021. Tá an indeisitheacht ar cheann de na gnéithe is intomhaiste go héasca de mharthanacht táirge.

4.1.5. Chun dul i ngleic leis na dúshláin, ní mór an t-innéacs deisiúcháin a cheapadh ar bhealach uaillmhianach agus ní mór é a bhunú ar dhá ghné ar a laghad. Ar thaobh amháin, ní mór dó a mhéid táirgí leictreacha agus leictreonacha agus fearais tí is féidir a chumhdach. Ar an taobh eile, ní mór gach gné den indeisitheacht a ionchorprú, lena n-áirítear an costas deisiúcháin (praghas na bpáirteanna spártha) agus coinníollacha na tacaíochta bogearraí.

4.1.6. Dar le CESE, ba cheart do bheartas uaillmhianach maidir le faisnéis do thomhaltóirí dul níos faide ná an indeisitheacht. Baineann ionchais na dtomhaltóirí den chuid is mó le marthanacht táirgí, seachas leis an bhféidearthacht iad a dheisiú. Tá trácht déanta cheana féin ag CESE ar an bpointe seo ([8]). Ba cheart don Aontas innéacs simplí maidir le marthanacht táirgí a bheith aige, lena n-ionchorpraítear an indeisitheacht, an stóinseacht agus cé chomh héasca a bheadh sé na táirgí sin a uasghrádú, rud a chuirfeadh go hindíreach le hationsclú na hEorpa. Ní mór an prionsabal sin a áireamh sna tograí ón gCoimisiún, ionas nach dtabharfar neamhaird ar cheann d'ionchais phríomha na dtomhaltóirí. Ní mór é a chur chun feidhme de réir a chéile agus a fhorálacha cur chun feidhme a chomhordú go soiléir leis na geallsealbhóirí.

([8]) IO C 67, 6.3.2014, lch. 23.

4.1.7. Is gá tuilleadh oibre a dhéanamh ar chosaintí chun faisnéis do thomhaltóirí a fheabhsú. Ar an gcéad dul síos, ní mór don Choimisiún prionsabal simplí a athdhearbhú: gur cheart an ráthaíocht um chomhréireacht (Treoir (AE) 2019/771 ó Pharliament na hEorpa agus ón gComhairle ([9])) a thaispeáint i ngach áit, mar aon le fad na ráthaíochta sin, i siopaí fisiciúla agus ar líne, do gach táirge lena mbaineann. Go deimhin, ní mór an dlí atá ann cheana a chur i bhfeidhm sula gcuirfear cearta nua isteach.

4.1.8. Is díol sásaimh do CESE gur cuireadh san áireamh na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag tomhaltóirí ráthaíochtaí tráchtála a idirdhealú ó ráthaíochtaí dlíthiúla. Dá bhrí sin, is díol sásaimh dó go bhfuil sé mar aidhm ag an gCoimisiún nach gcruthófar mearbhall leis na ráthaíochtaí tráchtála sin.

4.1.9. D'fhonn a héifeachtaí dearfacha ar chosaint an chomhshaoil a mhéadú, d'fhéadfaí deisiú an táirge a chur chun cinn mar chuid den ráthaíocht, seachas táirge nua a chur ar fáil. Is féidir leis an Aontas tús áite a thabhairt don deisiú ar an athsholáthar i gcás ina gcliseann táirge tríd an deisiú a dhéanamh níos éasca, níos tapúla agus níos áisiúla do thomhaltóirí.

4.1.10 . I gcomhar leis na forálacha sin, dá ndéanfaí feasacht na saoránach a ardú, chuirfí ar bhonn níos forleithne fós leis an athrú sin ar an tomhaltas. Dá bhrí sin, ní mór feachtais maidir leis na dea-nósanna tomhaltais ar cheart a ghlacadh (maidir le faisnéis, earraí athláimhe, cothabháil táirgí) a chur chun cinn nó a thionscnamh fiú le tacaíocht ón tsochaí shibhialta eagraithe, a bhféadfadh ról lárnach a bheith aici sa togra seo.

4.2. *Na forálacha a neartú trí dhul thar an oibleagáid faisnéis a thabhairt*

4.2.1. Trí phionós a ghearradh ar an easpa faisnéise amháin, réiteodh an tAontas Eorpach an bealach chun na cleachtais sin a dhlisteanú, ar cleachtais iad nach bhfuil ar aon dul le cosaint an tomhaltóra agus le cosaint an chomhshaoil. Ní féidir leis an Aontas an easpa faisnéise a thoirmeasc maidir le teicníc arb é is aidhm di saolré táirge a theorannú, ach ní mór dó cosc a chur ar an gcleachtas sin ann féin. Is é sin le rá, ní bheadh sé intuigthe go gcuirfeadh an tAontas in iúl go bhfuil an dífheidhmeacht ceadaithe chomh fada agus atá faisnéis do thomhaltóirí ag gabháil léi. Ní mór don fhoráil teachtaireacht shoiléir a sheoladh chuig na monaróirí nach féidir táirgí san Eoraip a dhearadh sa chaoi is go gclisfidh siad roimh am.

4.2.2. Ar an gcaoi chéanna, tá baol ag baint le foclaíocht eile sa Treoir nach ndéanfar tomhaltóirí a chosaint go leordhóthanach. Ní leor iallach a chur ar an monaróir a chur in iúl don tomhaltóir nach féidir earra a dheisiú. Ní mór toirmeasc a chur ar an gcleachtas féin maidir le hearraí a tháirgeadh chun nach féidir iad a dheisiú.

4.2.3. Mar is eol do CESE agus don Choimisiún Eorpach, is minic a thagann nuashonruithe bogearraí as bogearraí atá ró-stóráilte agus dian ar fhuinneamh agus a laghdaíonn saolré an trealaimh nasctha. Leis an reachtaíocht, ba cheart dul níos faide ná é a cheangal ar an monaróir an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na héifeachtaí díobhálacha a bheadh ag nuashonrú. Arís eile, tá sé éasca a shamhlú conas is féidir an fhaisnéis seo a chur i bhfolach i lár sreabhadh faisnéise dearfa faoin nuashonrú seo, rud a fhágann go nglacann an tomhaltóir leis.

4.3. *Cleachtais a laghdaíonn cumhacht na dtomhaltóirí gníomhú a rialú agus pionós a ghearradh orthu*

4.3.1. Tugann an Coimisiún le fios, mar is ceart, go bhfuil cleachtais a bhaineann le "snasú glas" ar cheann de na príomhchonstaicí maidir le faisnéis a chuireann an t-aistriú glas chun cinn a chur ar fáil do thomhaltóirí. Léirítear sa dréacht-treoir, mar is ceart, gur gá pionós a ghearradh ar mhaoímh cineálacha a bhaineann leis an gcomhshaol, ar maíomh iad atá infhíoraithe.

4.3.2. Is díol sásaimh do CESE an toirmeasc ar lipéid inbhuanaitheachta a thaispeáint nach bhfuil faoi réir scéim fhoirmiúil deimhniúcháin. Dá bhforbrófaí innéacs Eorpach de réir a chéile agus ar bhonn comhordaithe, mar a mholtar sa tuairim seo, bheifí in ann aghaidh a thabhairt ar an ngá sin.

4.3.3. Is minic a bhíonn drochthionchar ag maíomh eile ar dhea-fhaisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí. Tá sé dlisteanach úsáid feidhmíochta comhshaoil a thoirmeasc nuair nach mbaineann sé ach le tréith amháin de chuid an táirge nó nuair nach bhfuil ann ach cur i bhfeidhm oibleagáidí dlíthiúla nó cleachtais choitinn.

4.3.4. Chun tomhaltas freagrach a spreagadh, ní mór lipéid a neartú chun fíorbhearta comhshaoil a dheimhniú freisin. Sa chiall sin, in ainneoin an dul chun cinn atá déanta, ní bhaintear mórán úsáide as an éicilipéad Eorpach. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar thacaíocht a thabhairt chun an lipéad sin a dhéanamh níos inrochtana agus chun feachtas cumarsáide iomchuí a fhorbairt.

([9]) Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22.5.2019, lch. 28).

4.3.5. I gcomhréir leis na pointí sin, ní mór don chreat dlíthiúil don fhógraíocht prionsabail na forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear creat láidir chun fógraíocht a dhéanamh ar na táirgí is truaillitheacha, rud atá ar aon dul le tuairim CESE ar an gceist seo le déanaí ([10]).

4.3.6. Ar an gcaoi chéanna, cé nár cheart don fhógraíocht maíomh a bhaineann leis an gcomhshaol a úsáid don táirge iomlán nuair nach mbaineann siad ach le gnéithe áirithe den táirge sin, ní mór don fhógraíocht toirmeasc a chur ar aon mhaíomh gan bhunús freisin, mar a tharlaíonn go minic maidir leis an neodracht carbóin, agus maidir le haon tagairt nó léiriú iompraíochta atá contrártha do chosaint an chomhshaoil agus caomhnú acmhainní nádúrtha. Ina theannta sin, ní mór don fhógraíocht toirmeasc a chur ar aon léiriú a d'fhéadfadh beag is fiú a dhéanamh de chleachtais nó smaointe atá contrártha do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, nó a d'fhéadfadh na cleachtais agus na smaointe sin a chur chun cinn.

4.3.7. D'fhonn rabhaidh luatha a eisiúint maidir le cleachtais mhargaíochta mhíthreoracha, is minic a bhíonn gá le faisnéis uathu siúd a chuireann táirgí ar an margadh iad féin. Sa lá atá inniu ann, áfach, is beag sceithire atá sa réimse seo, mar gheall go bhfuil eagla orthu roimh dhíoltas. Ba cheart a bheith in ann an nós imeachta sceithireachta a luaitear i dTreoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) a chur i bhfeidhm ar na sceithirí sin.

Ní bheidh na forálacha sin go léir lánéifeachtach ach amháin má dhéantar iad a chomhordú le gníomhaithe eacnamaíocha a dhéanann ionadaíocht ar fhiontair mhóra agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, mar aon leis na comhpháirtithe sóisialta, comhlachais tomhaltóirí agus, ar bhonn níos leithne, leis an tsochaí shibhialta. Measann CESE gur beartas lárnach é sin sa mhéid is go ndeimhníonn sé múnla iomaíoch margaidh a oiriúnaíodh do shaincheisteanna comhshaoil, ar samhail í a bhaineann le tomhaltóirí agus le hiomaíochas oibreoirí eacnamaíocha Eorpacha agus atá comhoiriúnach do dhúshláin a bhaineann le ceannasacht na hEorpa.

An Bhruiséil, an 14 Iúil 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG

([10]) IO C 105, 4.3.2022, lch. 6.
([11]) IO L 305, 26.11.2019, lch. 17.